**Book Review –** ***An Underground Theatre: Major Playwrights in the Irish Language 1930–80,*** **by Philip O'Leary**

**Dublin: University College Dublin Press, 2017. 350 pp. €50**

**Malachy Ó Néill**
Ulster University

Seachas leabhar luachmhar Phádraig Uí Shiadhail (1993) is beag atá foilsithe sa ghort seo a thugann faoin dúshlán léargas a thabhairt ar an stair chasta – thuas seal, thíos seal – a bhaineann le drámaíocht na Gaeilge le breis agus céad bliain anuas. Tá Philip O'Leary tar éis seasamh isteach sa bhearna bhaoil anseo agus aird ar leith aige ar an leathchéad bliain idir 1930 agus 1980. Cuireadh go mór le tuiscint phobal na Gaeilge ar dhrámaí na tréimhse seo le beathaisnéis Thomáis Mhic Anna (2000) agus le foilsiú na ndrámaí féin – *Drámaí Thús na hAthbheochana* (2008), mar shampla, ach cuirtear carn maith feola ar chnámha na tuisceana sin i saothar úr Uí Laoghaire.

Is saothar ilghnéitheach uileghabhálach é seo, *An Underground Theatre: Major Playwrights in the Irish Language 1930–80*, ag údar atá sáite i ndrámaíocht stáitse na Gaeilge le tamall fada dá shaol. Creideann sé go daingean i ndraíocht an domhain seo a bhfuil an oiread sin ceana aige air agus labhraíonn sé faoi mhórphearsana na drámaíochta Gaeilge mar bhaill dá lucht aitheantais, mar chairde, mar chomrádaithe agus mar leathbhádóirí.

Tá clú leitheadach ar Mhac Uí Laoghaire mar scoláire de chuid litríocht na Nua-Ghaeilge agus ar an chritic a bhaineann le litríocht na hAthbheochana agus an tréimhse ina diaidh. Tá saothair éagsúla foilsithe aige maidir le prós na tréimhse céanna agus tá an ghrinnléitheoireacht amhlaidh anseo – córasach, léargasach agus údarasach. Tugann sé faoin dúshlán seo le cur chuige cróineolaíoch ar mhórimreoirí na drámaíochta Gaeilge ó aimsir na hAthbheochana ar aghaidh. Tá tábhacht nach beag ag baint leis an tréimhse a chaith an t-údar mar stiúrthóir ar an cheardlann samhraidh a bhíodh ag Coláiste Bhostún in Amharclann na Mainistreach idir 1991 agus 2002. Ar an dóigh sin, tá cosúlachtaí is dócha idir saothar seo Uí Laoghaire agus beathaisnéis a mheantóra in Amharclann na Mainistreach, Tomás Mac Anna (2000). Cé gur fairsinge i bhfad cur chuige agus cur síos Uí Laoghaire níor dhochar an dá théacs a cheadú in aon anailís ar an tréimhse seo.

© 2018 *Aigne*, University College Cork

Cúigear fathach de chuid dhrámaíocht na Gaeilge san fhichiú haois atá faoi chaibidil i ndáiríre: Máiréad Ní Ghráda (1896–1971), Séamus Ó Néill (1910–81), Eoghan Ó Tuairisc (1919–82), Seán Ó Tuama (1926–2006) agus Críostóir Ó Floinn (b. 1927) – cúigear a aithníonn an t-údar mar bhunchloch chanóin na drámaíochta Gaeilge sa tréimhse seo. Cuirtear tús leis an imscrúdú sa bhliain 1930 nuair a cuireadh na chéadiarrachtaí ag Ní Ghráda agus Ó Néill chun ardáin – fiú más iarrachtaí ar leibhéal na bprintíseach a bhí iontu! Baineann an turas drámaíochta seo an leathchéad de bhlianta go dtí 1980 ach cuireann an t-údar eireaball leis an scéal le hachoimre de mhórimeachtaí na drámaíochta Gaeilge sa tréimhse dhá scór bliain ó shin i leith. Tá plé ilghnéitheach ar fáil ar gach leathanach bunaithe ar thaighde sa ghort, ar thaithí phearsanta agus ar chritic chomhaimseartha na ndrámaí céanna.

Tugtar aitheantas ar leith i dtús an leabhair (pp. 2–12) do dhrámadaóirí na hAthbheochana a thug faoin mhúnla nua seo i gcumadóireacht Ghaeilge: de hÍde, an Piarsach, Tadhg Ó Donnchadha, Pádraic Ó Conaire, Peadar Mac Fhionnlaoich, Liam Ó Flaithearta, Piaras Béaslaí, Gearóid Ó Lochlainn, Séamus de Bhilmot, Labhrás Mac Brádaigh, Breandán Ó Beacháin, Uaitéar Ó Maicín, Siobhán Ní Shúilleabháin agus cumadóirí eile. Ach mínítear go soiléir an réasúnaíocht i dtaca leis an chúigear seo de atá roghnaithe aige don mhionscrúdú ar mhaithe le léirmheas a dhéanamh ar stair dhrámaíocht na Gaeilge ina mbeadh ciall den chomhthéacs chultúrtha agus léirithe san am (p. 21).

Tá an t-údar dílis do chuspóir agus do *rationale* an tionscadail – drámaíocht na Gaeilge a léiriú mar ghluaiseacht bheo (más dofheicthe féin) le breis agus céad bliain anuas: *The goal throughout has been to show that theatre in Irish has been a living if often invisible art form, with its companies, venues, prizes, and, of course, critics* (p. xiii). Pléitear fosta suímh agus ionaid na drámaíochta mar ba chóir agus aird ar leith ar ghluaisceacht na drámaíochta Gaeilge sa phríomhchathair mar aon le móriarrachtaí na gcathracha agus na mbailte eile – ardmholadh don Taidhbhearc agus do mhuintir na Gaillimhe – agus léirítear ann an tábhacht a bhain le heagraíochtaí ghluaiseacht na drámaíochta, An Comhar Drámaíochta, Aisteoirí Átha Cliath, Aisteoirí Ghaoth Dobhair agus go leor leor grúpaí eile. Tá tagairtí iomadúla do gach léiriú (is cosúil!) a rinneadh de na drámaí éagsúla ó cheann ceann na tíre agus foinsí náisiúnta, réigiúnda agus áitiúla ceadaithe ar mhaithe le gach blúirín eolais dá bhfuil ar fáil. Is cur síos téagartha é seo ar gach gné de dhrámaíocht na Gaeilge sa tréimhse áirithe seo.

Is í Máiréad Ní Ghráda atá chun tosaigh sa Chúigear Cháiliúil seo ag Mac Uí Laoghaire. Bean cheannródaíoch go smior, oide, craoltóir, drámadóir agus gramadóir. Ultach ina dhiaidh sin, Séamus Ó Néill agus scríbhneoir ildána eile – úrscéalta agus gearrscéalta,

drámaíocht agus iriseoireacht, tráchtaireacht agus cumadóireacht. I dtaca le hEoghan Ó Tuairisc de, tugann an t-údar léargas suntasach ar an chaidreamh chasta a bhí ag Ó Tuairisc leis an Ghaeilge féin agus an t-éadóchas a mhothaigh sé maidir le dul chun cinn na drámaíochta Gaeilge in Éirinn an Bhéarla. Feictear dúshlán síceolaíoch an fhoghlaimeora i gcás Uí Thuairisc agus an streachtailt féiniúlachta idir 'Eugene Watters', an cumadóir Béarla agus 'Eoghan Ó Tuairisc', an scríbhneoir Gaeilge. Ar ndóigh, ba mhór an tionchar a d'imir cúrsaí staire ar dhrámaí Uí Thuairisc – mar an gcéanna lena chuid filíochta agus lena chuid próis – agus ocht ndráma Gaeilge ar fad a chum sé. Ansin, Seán Ó Tuama; scoláire, critic, file, drámadóir, léachtóir agus acadúlaí de chuid Chorcaí. Agus an cúigiú duine den chúigear, Críostóir Ó Floinn – ball den Aosdána mar gheall ar a chuid éachtaí i mbun filíochta, drámaíochta agus scríbhneoireachta i gcoitinne. Is é nathán cáiliúil Uí Fhloinn a spreagann teideal an leabhair, an meafar a d'úsáid sé sa bhliain 1967 agus Féile Drámaíochta an Oireachtas á hoscailt aige in Amharclann na Péacóige a bhí suite 'faoi thalamh' Amharclann na Mainistreach: 'Is oiriúnach an mhaise é gurb é áit ina bhfuilimid ag cruinniú chun na Féile seo ná an catacóm seo faoi thalamh' (p. 304).

Feictear éabhlóid na drámaíochta (mar scáth ar éabhlóid phobal agus shochaí na hÉireann) i bhfoirm achomair i dteidlíocht na gcaibidlí: *Unlikely Iconoclast* (Ní Ghráda), *A Northern Voice* (Ó Néill), *A Theatre of Ideas* (Ó Tuairisc), *Knocking down Old Walls* (Ó Tuama) agus *Questions of Conscience* (Ó Floinn). Ar dhóigh, léirítear aon dul chun cinn (nó a mhalairt) atá déanta ag bunadh na tíre seo trí phriosma na ndrámadóirí agus trí thionchar a gcuid saothar.

Bhí an saothar seo ag teastáil ó aos na drámaíochta Gaeilge le tamall fada agus is fearrde sinne é. D'fhéadfaí a rá, áfach, go bhfuil bearna le líonadh go fóill agus miongscagadh de dhíth ar dhrámadóirí eile an fhichiú haois agus ar a saothar: Breandán Ó Beacháin, Piaras Béaslaí, Gearóid Ó Lochlainn, Eoghan Mac Giolla Bhríde, Seán Mac Mathúna, Éilís Ní Dhuibhne, Antaine Ó Flatharta, Liam Ó Muirthile, Darach Ó Scolaí, Celia de Fréine, Micheál Ó Conghaile, Aodh Ó Domhnaill, Joe Steve Ó Neachtain, Alan Titley agus drámadóirí eile nach iad! Táthar ag dréim le saothar eile de chuid Uí Laoghaire go luath – comhfhiontar le Brian Ó Conchubhair ar Chanóin na Drámaíochta Gaeilge chuirfeas go mór arís eile lenár gcuid eolais agus tuisceana ar an tséanra seo (agus ar na seoda laistigh de) i gcomhthéacs na Gaeilge. Nára fada uainn an saothar sin.

**Dr Malachy Ó Néill** is Provost of the Magee Campus (Derry) of Ulster University and Senior Lecturer in Modern Irish. He spent five years as Head of the School of Irish Language and Literature prior to taking up his current position and has been an elected member of the University Senate since 2012. He is an appointed member of the Irish Language and Culture Committee (Royal Irish Academy) and Fóram Forbartha Teanga (the Language Development Forum of Foras na Gaeilge). His research focuses on Irish language sources of the Ó Néill dynasty, pedagogical development in modern Irish, and Irish language theatre. Dr Ó Néill was a member of the Review Board of the Official Irish Language Standard (2016).

**Tagairtí & Leabharliosta**

Mac Anna, T., 2000. *Fallaing Aonghusa – Saol Amharclainne*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Ní Mhuircheartaigh, É. agus Mac Congáil, N. eag., 2008. *Drámaí Thús na hAthbheochana*. Gaillimh: Arlen House.

Ó Siadhail, P., 1993. *Stair Dhrámaíocht na Gaeilge 1900–1970*. Indreabhán: Cló-Iarchonnachta.

O'Leary, P., 2017. *An Underground Theatre: Major Playwrights in the Irish Language 1930–80*. Baile Átha Cliath: Preas Choláiste Bhaile Átha Cliath.